Eagrán Speisialta *
15 Bealtaine 2020

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2020/649 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2020 maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn an 56ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród i ndáil le leasuithe áirithe ar Aguisín C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród** ..... 1

★ **Cinneadh (AE) 2020/650 ón gComhairle an 8 Bealtaine 2020 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún** ..... 3

★ **Cinneadh (CBES) 2020/651 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit** ..... 4

★ **Cinneadh (CBES) 2020/652 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali)** ..... 5

GA

* Faoin tagairt L 153 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/649 ÓN gCOMHAIRLE

**an 7 Bealtaine 2020**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn an 56ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród i ndáil le leasuithe áirithe ar Aguisín C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218 (9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is trí bhíthin Chinneadh 2013/103/AE ([1]) a d'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980 ("COTIF"), arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999.

(2) Is Páirtithe in COTIF iad gach Ballstát seachas an Chipir agus Málta.

(3) In Airteagal 6 COTIF, luaitear go bhfuil trácht iarnróid idirnáisiúnta agus cead d'ábhar iarnróid sa trácht idirnáisiúnta le rialú le rialacha a liostaítear san Airteagal sin, go háirithe na Rialacháin maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), is é sin Aguisín C a ghabhann le COTIF.

(4) Le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leagtar síos riachtanais le haghaidh iompar earraí contúirteacha de bhóthar, d'iarnród nó ar uiscebhealaí intíre laistigh de na Ballstáit nó eatarthu ar bhonn na RID.

(5) De bhun litir d) d'Airteagal 13 § 1 agus Airteagal 33 § 5 COTIF, is féidir leis an gCoiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha ("Coiste Saineolaithe RID") de chuid na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) an Iarscríbhinn a ghabhann le RID a leasú.

(6) Ag an 56ú seisiún de Choiste Saineolaithe RID an 27 Bealtaine 2020, glacfaidh siad leasuithe leis an Iarscríbhinn a ghabhann le RID a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(7) Baineann na leasuithe atá beartaithe le caighdeáin theicniúla agus is é is aidhm dóibh a áirithiú gur go sábháilte éifeachtúil a iomprófar earraí contúirteacha, agus dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil san earnáil, chomh maith le forbairt substaintí agus earraí nua a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol le linn a n-iompartha, á gcur san áireamh.

([1]) Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999, IO L 51, 23.2.2013, lch. 1.

([2]) Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).

(8) Meastar gurb iomchuí na leasuithe atá beartaithe ó thaobh iompar sábháilte earraí contúirteacha ar bhealach atá costéifeachtach de agus féadfar tacú leo dá bhrí sin.

(9) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gCoiste Saineolaithe RID a leagan síos mar beidh na leasuithe ar RID ceangailteach ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 56ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, mar a leasaítear é le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999, mar a leagtar amach é sa tábla de leasuithe i ndoiciméad ST 7049/20 ([3]).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gCoiste Saineolaithe RID mionathruithe a shocrú ar na doiciméid dá dtagraítear sa tábla sin de leasuithe gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 2*

A luaithe a ghlacfar na cinntí ó Choiste Saineolaithe RID, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart dáta a dteacht i bhfeidhm a bheith luaite leo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Bealtaine 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. GRLIĆ RADMAN

([3]) Tá doiciméad ST 7049/20 ar fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

**CINNEADH (AE) 2020/650 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 8 Bealtaine 2020**

**lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hEastóine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Nollaig 2019, an 20 Eanáir 2020, an 3 Feabhra 2020 agus an 26 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinntí (AE) 2019/2157 ([1]), (AE) 2020/102 ([2]), (AE) 2020/144 ([3]) agus (AE) 2020/511 ([4]) lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(2) Tá suíochán duine de chomhaltaí Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis dheireadh an tsainordaithe ar ar a bhonn a moladh Mr Siim SUURSILD (Representative of a local body with political accountability to an elected Assembly: *Pärnu City Council*),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an duine a leanas ina chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

— Mr Siim SUURSILD, Member of a Local Assembly: *Pärnu City Council* (change of mandate).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Bealtaine 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. GRLIĆ RADMAN

([1]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).
([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).
([3]) Cinneadh (AE) 2020/144 ón gComhairle an 3 Feabhra 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 32, 4.2.2020, lch. 16).
([4]) Cinneadh (AE) 2020/511 ón gComhairle an 26 Márta 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 113, 8.4.2020, lch. 18).

**CINNEADH (CBES) 2020/651 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 14 Bealtaine 2020**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit.

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/797 go dtí an 18 Bealtaine 2020. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a fhadú go dtí an 18 Bealtaine 2021.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2019/797:

"*Airteagal 10*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 18 Bealtaine 2021 agus coinneofar faoi athbhreithniú leanúnach é. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Bealtaine 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

G. GRLIĆ RADMAN

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13).

# CINNEADH (CBES) 2020/652 ÓN gCOMHAIRLE

## an 14 Bealtaine 2020

## lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Aibreán 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/219/CBES ([1]) maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali).

(2) An 25 Meitheamh 2018, sna conclúidí uaithi maidir leis an tSaiheil/Mailí, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá réigiúnú CBSC sa tSaiheil d'fhonn neartú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar an tacaíocht shibhialta agus mhíleata a thugtar don chomhar trasteorann, ar na struchtúir réigiúnacha comhair – go háirithe iad siúd de chuid G5 na Saiheile – agus ar acmhainn na dtíortha G5 aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála an réigiúin, mar aon le húinéireacht na dtíortha G5 ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

(3) An 18 Feabhra 2019, d'fhormheas an Chomhairle Coincheap comhpháirteach sibhialtach-mhíleata d'Oibríochtaí maidir le gníomhaíocht CBSC sa tSaiheil a Réigiúnú.

(4) An 21 Feabhra 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/312 ([2]), lena ndéantar Misean EUCAP Sahel Mali a fhadú agus lena soláthraítear méid tagartha airgeadais dó go dtí an 14 Eanáir 2021.

(5) An 17 Márta 2020, leasaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Plean Oibríochtaí do EUCAP Sahel Mali agus chomhaontaigh sé gur cheart cur leis na hacmhainní a sholáthraítear dó chun gníomhaíocht CBSC sa tSaiheil a réigiúnú.

(6) Ba cheart Cinneadh 2014/219/CBES a leasú dá réir.

(7) Cuirfear EUCAP Sahel Mali i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 14(1) de Chinneadh 2014/219/CBES, cuirtear an méid a leanas in ionad an séú agus an seachtú mír:

"Is é EUR 69 650 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUCAP Sahel Mali a chumhdach don tréimhse idir an 1 Márta 2019 agus an 14 Eanáir 2021.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

([1]) Cinneadh 2014/219 CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 113, 16.4.2014, lch. 21).

([2]) Cinneadh (CBES) 2019/312 ón gComhairle ar an 21 Feabhra 2019 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali), agus lena gcuirtear síneadh leis an gCinneadh sin (IO L 51, 22.2.2019, lch. 29).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Bealtaine 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

G. GRLIĆ RADMAN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA